



# Cód Cleachtas maidir le Díscor

## Intreoir

### Díscor

---

Tagraíonn an téarma “díscor” do na rudaí seo a leanas:

- Glasáil an mhéadair gháis
- Aistriú fisiciúil an mhéadair; nó
- Gearradh agus caidhpeáil an phóibáin seirbhíse gáis.

#### Clúdaíonn an Cód seo díscor soláthair gháis:

- ✓ Nuair a áitítear an t-áitreabh atá le díscor mar ghnó nó mar bhaile
- ✓ Nuair nach ndéantar an díscor ar iarratas an chustaiméara

#### Ní chlúdaíonn an Cód seo cásanna díscoir:

- ✗ Nuair nach n-áitítear an t-áitreabh atá le díscor mar ghnó nó mar bhaile
- ✗ Nuair a iarrann an custaiméir an díscor
- ✗ Nuair a mheasaimid go bhfuil an díscor riachtanach ar chúiseanna sábháilteachta chun contúirt do dhaoine nó damáiste do réadmhaoine a sheachaint
- ✗ Nuair atá an díscor sealadach, m.sh. cothabháil; bristeacha pleanáilte nó bristeacha chun cur ar ár gcumas soláthar a thabhairt ar ais do chustaiméirí eile atá ceangailte leis an líonra gáis

Is é an soláthróir gháis a d’iarr an díscor atá freagrach as cinntiú go ndéantar breithniú sásúil maidir leis an iarmhairt a eascraíonn as an díscor.

Le nach mbeadh aon amhras ann faoi seo, nuair atá díscor á chur i gcrích, glacaimid leis gur chomhlíon an soláthróir gháis a d’iarr an díscor aon riachtanas dlíthiúil nó dualgas ceadúnais agus gur ghníomhaigh siad de réir a gcóid cleachtais féin díscoir.

## Príomhphrionsabail

### Fógra díscóir

Tá an custaiméir i dteideal fógra díscóir a fháil i gcomhréir le polasaí díscóir a soláthróra gáis. Ní mór an chúis atá leis an díscor agus dóthain deise chun an chúis atá leis an díscor a réiteach a sholáthar don chustaiméir sula n-iarrann an soláthróir gáis go gcuirfeadh Líonraí Gáis Éireann díscor i gcrích.

### An custaiméir a chur ar an eolas

Nuair a bhaineann an fhoireann an láithreán amach, cuirfidh siad in iúl don chustaiméir go pearsanta (nuair is féidir sin a dhéanamh) go bhfuil díscor ag tarlú. Mura bhfuil an fógra indéanta, rachaidh an fhoireann ar aghaidh leis an díscor agus fágfaidh siad cárta a chuireann an díscor in iúl don chustaiméir. Seachas sa chás go bhfuil an t-áitreabh folamh nó mura ligeann an custaiméir don fhoireann dul isteach, míneofar an chúis atá leis an díscor don chustaiméir (i. gur iarr an soláthróir gáis a leithéid).

### Ag láimhseáil an díscóir

Má fhaigheann an fhoireann amach go bhfuil custaiméir leochaileach (féach, le do thoil, ar ár dTreoir um Chustaiméirí Leochaileacha) nuair a bhaineann siad an t-áitreabh amach do chuspóirí an díscóir, tá sé mar rogha ag an bhfoireann imeacht ón áitreabh agus fógra a thabhairt don soláthróir gáis. Déanfar cásanna breoiteachta nó méala a láimhseáil go tuisceanach.

### Athcheangal

Beidh ort teagmháil a dhéanamh le do sholáthróir gáis chun athcheangal a iarraidh. Cuirfear an t-athcheangal i gcrích i gcomhréir le caighdeáin fhoilsithe fheidhmíochta Líonraí Gáis Éireann.

Ón díscor go dtí an t-athcheangal, is féidir faisnéis nuashonraithe a fháil trí ghlaó a chur orainn ag **1850 200 694**.

### Rúndacht

Caomhnóimid rúndacht an chustaiméara agus an tsoláthróra gáis.

## An Nós Imeachta

### An fógra díscoir

#### Iarratas an tsoláthróra gháis

Faoi mar atá sin leagtha amach i gcód cleachtais an tsoláthróra gháis maidir le díscor.

#### Sárú ar an gComhaontú Ceangail agus/nó ar Théarmaí agus ar Choinníollacha Líonraí Gáis Éireann

Eiseofar fógraí dá leithéid de shárú de réir an Chomhaontaithe Cheangail idir Líonraí Gáis Éireann agus an custaiméir. Nuair a tharlaíonn díscor mar gheall ar an sárú, eiseofar fógra ar a laghad dhá lá gnó roimh ré.

### Bailíochtú an iarratais díscoir

#### Iarratas an tsoláthróra gháis

Cláraítear an soláthróir gháis ag an nGásphointe (trí mheán na hOifige Cláraithe Gásphointí – OCGP)

#### Sárú ar an gComhaontú Ceangail agus/nó ar Théarmaí agus Coinníollacha Líonraí Gáis Éireann

Déanfaidh Líonraí Gáis Éireann gach beart réasúnta chun cinntiú go bhfuil an díscor á dhéanamh ar chúis bhailí.

### An custaiméir a chur ar an eolas

#### Fógra

Nuair a bhaineann an fhoireann an láithreán amach, déanfaidh siad a ndícheall cúis an díscoir a mhíniú don chustaiméir sula ndéanann siad an obair, m.sh. d'íarr an soláthróir gháis orthu sin a dhéanamh.

#### Cúis

Nuair a dhéantar díscor, fágfar fógra leis an bhfaisnéis seo a leanas:

- (a) go ndearnadh an díscor
- (b) cé a spreag an díscor  
(.i. iarratas ón soláthróir gháis, srl.)
- (c) uimhir theileafóin teagmhála  
(.i. uimhir do sholáthróra gháis)

### Láimhseáil an díscoir

#### Sceidealú na cuairte

Ní chuirfidh Líonraí Gáis Éireann i gcrích díscor do sholáthair gháis ar an Aoine, ar an Satharn, ar an Domhnach, an lá roimh Lá Saoire Poiblí nó ar Lá Saoire Poiblí.

Le nach mbeadh aon amhras ann faoi seo, is féidir díscor ar chúiseanna sábháilteachta a dhéanamh ag aon am chun gortú do dhaoine nó dochar do réadmhaoín a chosc, agus ní bhaineann an Cód Cleachtais Díscoir seo leis na cásanna sin.

## Breiteacht nó méala

Déanfar cásanna breiteachta nó méala a láimhseáil go tuisceanach.

## Níl aon duine fásta i láthair

I suíomh teaghlaigh nuair a theastaíonn teacht ar an áitreabh chun an díscor a chur i gcrích, agus gan aon duine fásta a bheith i láthair, tarraingeoidh an fhoireann siar ón áitreabh agus fágfaidh siad fógra ag tabhairt le fios go bhfillfidh siad chun an díscor a chur i gcrích níos déanaí.

## Custaiméirí leochaileacha

Nuair atá custaiméir aicmithe mar Dhuine Leochaileach ar Chlár na gCustaiméirí Leochaileacha, beidh an soláthróir gáis atá ag déanamh an iarratais díscoir freagrach as cinntiú go bhfuil an t-iarratas comhlíontach lena chuid coinníollacha ceadúnais dá leithéid de chustaiméirí agus/nó aon sainriachtanais a fhógraítear ag an CRF.

Má fhaighimid amach go bhfuil custaiméir leochaileach ar bhaint amach an áitribh dúinn do chuspóir an díscoir, beidh sé de rogha againn tarraingt siar ón áitreabh agus an soláthróir gáis ábhartha a chur ar an eolas.

Gníomhóimid de réir ár dTreorach um Chustaiméirí Leochaileacha.

## Rochtain an chustaiméara ar eolas

Sa chás go mbaineann an dícheangal le feidhmeanna Líonraí Gáis Éireann, beidh údarás ag an gcuairteoir an chúis atá leis an dícheangal a phlé.

I ngach cás eile, molfaidh an fhoireann don chustaiméir dul i dteagmháil lena soláthróir gáis chun an chúis atá leis an dícheangal a phlé.

## Gan aon rochtain

Sa chás nach mbíonn aon rochtain mar gheall ar áitreabh a bheith folamh nó áit a ndiúltaítear rochtain, .i. cuireann an custaiméir cosc ar an bhfoireann dul isteach chuig an méadar, imeoidh an fhoireann, fágfar fógra agus cuirfear an soláthróir gáis a d'iarr an dícheangal ar an eolas.

## Teip ar Dhícheangal

Mura mbíonn an fhoireann in ann an t-iarratas ar dhícheangal a chur i gcrích ar aon chúis (lena n-áirítear iad sin atá luaite thuas), imeoidh an fhoireann, fágfar fógra agus cuirfear an soláthróir gáis a d'iarr an dícheangal ar an eolas.

## Tairiscintí Íocaíochta

Ní féidir leis an bhFoireann glacadh le híocaíocht ná aontú le socruithe chun íocaíocht a dhéanamh thar ceann an tsoláthróra gháis.

### **Athrú i dtaca leis an soláthróir gáis**

Ní féidir le Líonraí Gáis Éireann dul ar aghaidh le hathcheangal ach amháin tar éis dóibh iarratas foirmeálta a fháil ón Soláthróir Gáis.

### **Caighdeáin ráthaithe**

---

Comhlíonfaidh na nósanna imeachta na Caighdeáin Iomlána Feidhmíochta atá leagtha amach i gcomhlíontacht Choinníoll 13 den Cheadúnas Úinéara Chórais Dáileacháin\*, faoi mar atá sé faofa ag an CRF.

*\* Is cuideachta ghníomhaíochta ainmnithe é Líonraí Gáis Éireann, cuideachta faoi theorainn scaireanna, corpraithe in Éirinn le huimhir chláráithe 555744 agus lena hoifig chláráithe ag Bóthar na nOibreacha Gáis, Corcaigh, Contae Chorcaí T12 RX96.*

## Sainmhínte

Baineann na sainmhínte seo a leanas a thugtar chun cabhrú le léamh an Chóid Chleachtais seo amháin.

Ciallaíonn **‘Custaiméir’** aon tríú páirtí atá tar éis comhaontú a dhéanamh le soláthróir gáis le gás nádúrtha a cheannach agus/nó a úsáid atá le tógáil ón gCóras Iompair ag an soláthróir gáis sin ag Pointe Asbhainte. Le nach mbeadh aon amhras ann faoi seo, ní mheasfar a bheith ina chustaiméir Oibritheoir Córais Cheangailte nó duine a asbhaineann gás nádúrtha do sheachadadh ar aghaidh trí Chóras Ceangailte.

Ciallaíonn **‘Foireann’** duine nó daoine atá údaraithe ag Líonraí Gáis Éireann chun cuairt a thabhairt ar áitreabh custaiméara chun díscor a chur i gcrích.

Ciallaíonn **‘Díscor’** cosc d’aon ghnó an tsoláthair gháis idir an Líonra Gáis Nádúrtha agus áitreabh an chustaiméara ar son aon chuspóra seachas briseadh Líonra nó éigeandáil.

Ciallaíonn **‘Pointe Gáis’** pointe méadraithe ag ar féidir gás nádúrtha a asbhaint ó Líonra Gáis Líonraí Gáis Éireann do chuspóirí gás nádúrtha a sholáthar d’áiseanna custaiméirí.

Ciallaíonn **‘Soláthróir Gáis’** aon duine a bhfuil Ceadúnas Loingseoireachta acu agus a rinne Creat-chomhaontú le Líonraí Gáis Éireann.

Ciallaíonn **‘CRF’** an Coimisiún um Rialáil Fóntais agus is é rialóir neamhspleách fuinnimh agus uisce na hÉireann é.

Is í an bhrí a thabharfar do **‘Chustaiméirí Leochaileacha’** ná an bhrí a thugtar in I.R. Uimh. 463 20111 agus tá siad cláraithe mar sin ar Chlár na Sainseirbhísí.

<sup>1</sup> Ciallaíonn custaiméir leochaileach custaiméir teaghlach atá fíorleochaileach ar fad i dtaca le díscor le linn míonna an gheimhridh ar na cúiseanna seo: aois mhór nó mar gheall ar staid a sláinte fisiciúla, céadfaí, intleachtúla nó intinne. (I.R. Uimh. 463 2011).



Líonraí  
Gáis  
Éireann

Seo a leanas na príomhshonraí  
teagmhála do Líonraí Gáis Éireann:

.....  
Fiosrúcháin Ghinearálta

**1850 200 694**

.....  
Seirbhís Éigeandála 24 uair an chloig

**1850 20 50 50**

.....  
[networksinfo@gasnetworks.ie](mailto:networksinfo@gasnetworks.ie)

 [@GasNetIRL](https://twitter.com/GasNetIRL)

.....  
[gasnetworks.ie](http://gasnetworks.ie)